2026/2322

20.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2322 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Deireadh Fómhair 2026

maidir le tabhairt i gcrích, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2026/442 [2] ón gComhairle, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán ('an Comhaontú'), síníodh é an 26 Márta 2026, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Ó thaobh na geopholaitíochta de, le rannpháirtíocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus le rochtain na hIorua ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, rannchuideofar le ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú agus cuirfear an comhar idirnáisiúnta chun cinn mar a shainmhínítear sa Straitéis Spáis don Eoraip. Le Comhaontú leis an Iorua, neartófar seasamh straitéiseach an Aontais, ar cuspóir é de chuid Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh um Shlándáil agus Cosaint.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

[1] Toiliú an 26 Márta 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[2] Cinneadh (AE) 2026/442 ón gComhairle an 17 Feabhra 2026 maidir le síniú, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán (IO L, 2026/442, 3.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/442/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht Ríocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán ([3]) ([4]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 9 Deireadh Fómhair 2026

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS

([3]) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2026/2323, 20.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/2323/oj

([4]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.